# an ciorcal

## AIRÍONNA AN CHIORCAIL



Is tacar pointí é an ciorcal. Bíonn na pointí go léir ar comhfhad ó phointe amháin i lár an chiorcail, an lárphointe. An imlíne a thugtar ar an bhfad timpeall an chiorcail.

## CODANNA DEN CHIORCAL



**An lárphointe.**
Bíonn gach pointe ar an imlíne ar comhfhad ón lárphointe.



**An imlíne.**
An fad timpeall an chiorcail.



**Corda.**
Líne dhíreach a cheanglaíonn dhá phointe ar an imlíne dá chéile.



**Ga.**
Líne dhíreach ó lárphointe ciorcail go dtí pointe ar bith ar an imlíne.



**Trastomhas.**
Corda a ghabhann trí lárphointe an chiorcail.



**Leathchiorcal.**
Faighimid dhá leathchiorcal nuair a ghearraimid ciorcal feadh an trastomhais.



**Leath-imlíne.**
Faighimid dhá leath-imlíne nuair a ghearraimid an imlíne ina dhá leath.



**Stua.**
Tugtar stua ar an gcuid den imlíne idir dhá phointe ar bith.



**Teascán.**
An t-achar den chiorcal idir corda agus stua.



**Teascóg.**
An t-achar den chiorcal idir dhá gha agus stua.

An Gúm